2025/2427

27.11.2025

CINNEADH(AE, Euratom) 2025/2427 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Samhain 2025

lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tráth atá gníomh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, ní mór a fhíorú gurb ionann na Ballstáit a seasann an tromlach cáilithe dóibh agus 65 %, ar a laghad, de dhaonra an Aontais.

(2) Déantar an céatadán sin a ríomh de réir na bhfigiúirí daonra a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ([1]) ('na Rialacha Nós Imeachta').

(3) Foráiltear, le hAirteagal 11(6) de na Rialacha Nós Imeachta, go bhfuil an Chomhairle, le héifeacht ón 1 Eanáir gach bliain, chun na figiúirí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis, a leasú, i gcomhréir leis na sonraí atá ar fáil d'Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh an 30 Meán Fómhair den bhliain roimhe sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, na Rialacha Nós Imeachta a leasú dá réir don bhliain 2025.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, tá feidhm ag Airteagal 240 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta:

'IARSCRÍBHINN III

Na figiúirí maidir le daonra an Aontais agus daonra gach Ballstáit i gcás chur chun feidhme na bhforálacha maidir le vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle

An Ballstát	Daonra	Céatadán táscach de dhaonra an Aontais (%)
an Ghearmáin	83 502 300	18,47
an Fhrainc	68 635 943	15,18
an Iodáil	59 635 202	13,19
an Spáinn	49 093 546	10,86
an Pholainn	37 475 594	8,29
an Rómáin	19 036 031	4,21
an Ísiltír	18 191 086	4,02
an Bheilg	11 900 123	2,63
an tSeicia	10 921 096	2,42

([1]) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/937/oj).

An Ballstát	Daonra	Céatadán táscach de dhaonra an Aontais (%)
an Phortaingéil	10 749 635	2,38
an tSualainn	10 583 000	2,34
an Ghréig	10 409 547	2,30
an Ungáir	9 539 502	2,11
an Ostair	9 180 000	2,03
an Bhulgáir	6 437 360	1,42
an Danmhairg	5 985 790	1,32
an Fhionlainn	5 626 971	1,24
an tSlóvaic	5 456 246	1,21
Éire	5 440 278	1,20
an Chróit	3 874 350	0,86
an Liotuáin	2 890 664	0,64
an tSlóivéin	2 130 850	0,47
an Laitvia	1 860 565	0,41
an Eastóin	1 369 995	0,30
an Chipir	982 966	0,22
Lucsamburg	680 084	0,15
Málta	574 250	0,13
AE 27	452 162 974	
Tairseach (65 %)	293 905 933'.	

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE